Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13840/25**

**DENLEG 50**
**FOOD 83**
**SAN 616**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2025) 109239 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 a mhéid a bhaineann le húdarú nó coinníollacha úsáide roinnt substaintí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2025) 109239.

---

Faoi iamh: D(2025) 109239

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2025/955 Rev1
(POOL/E2/2025/955/955-EN.docx)
D109239/02
[…](2025) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 a mhéid a bhaineann le húdarú nó coinníollacha úsáide roinnt substaintí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 a mhéid a bhaineann le húdarú nó coinníollacha úsáide roinnt substaintí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus earraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia agus lena n-aisghairtear Treoracha 80/590/CEE agus 89/109/CEE[1], agus go háirithe Airteagal 5(1), an dara fomhír, pointí (a), (d), (e), agus (i), agus Airteagal 11(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún[2] leagtar síos rialacha sonracha a mhéid a bhaineann le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia. Go háirithe, le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin bunaítear liosta Aontais de shubstaintí údaraithe a fhéadfar a úsáid d'aon ghnó i monarú ábhar plaisteach agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia.

(2) An 6 Márta 2024, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim eolaíoch[3] maidir le húsáid na substainte aigéad fosfarach, eistear trífheinile, polaiméir le 1,4-cioglaiheacsáindémheatánól agus gliocól polapróipiléine, eistir ailcile C10–16. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach ábhar imní sábháilteachta don tomhaltóir í an tsubstaint má úsáidtear í mar bhreiseán ag leibhéal suas le 0,15 % w/w in ábhair phololaifín agus earraí pololaifín a bheartaítear a bheith i dtadhall le gach cineál bia cé i moite de bhainne foirmle do naíonáin agus bainne daonna, le haghaidh stóráil fhadtéarmach ag teocht an tseomra agus faoina bun, lena n-áirítear líonadh te agus/nó téamh suas le 100 °C ar feadh tréimhse ama nach sáraíonn 2 uair an chloig, mura mbeidh ascnamh iomlán na speiceas foisfíte agus foisfáite níos mó ná 5 mg/kg de bhia, agus mura mbeidh codán ísealmheáchain mhóilínigh (CÍMM) na substainte (<1000 Da) níos airde ná 13 % w/w. Chuir an tÚdarás in iúl freisin go bhfuil feidhm ag toisc laghdaithe an chaithimh saille.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2024 maidir le hábhair agus earraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia agus lena n-aisghairtear Treoracha 80/590/CEE agus 89/109/CEE (IO L 338, 13.11.2004, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/1935/oj).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia (IO L 12, 15.1.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/10/oj).

[3] Painéal EFSA ar ábhair a bhíonn i dtadhall le bia, einsímí, agus áiseanna próiseála (2024). Measúnú sábháilteachta ar an tsubstaint 'aigéad fosfarach, eistear trífheinile, polaiméir le 1,4-cioglaiheacsáindémheatánól agus gliocól polapróipiléine, eistir ailcile C10–16', lena húsáid in ábhair bia-thadhaill. *EFSA Journal* [Iris EFSA], *22*(4), e8694. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9016.

(3) Dá bhrí sin, is iomchuí an tsubstaint aigéad fosfarach, eistear trífheinile, polaiméir le 1,4-cioglaiheacsáindémheatánól agus gliocól polapróipiléine, eistir ailcile C10–16 (Uimh. CAS 1821217-71-3, Uimh. FCM 1084) a údarú dá réir sin.

(4) An 13 Márta 2024, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch[4] maidir le húsáid na substainte treas-búitiolfosfónáit chailciam. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach ábhar imní sábháilteachta don tomhaltóir í an tsubstaint má úsáidtear í mar oibreán núicléatach suas le 0,15 % w/w in ábhair agus earraí pololaifín a bheartaítear a bheith i dtadhall le gach cineál bia lena stóráil ar feadh tréimhse níos faide 6 mhí ag teocht an tseomra agus faoina bun, lena n-áirítear ag teochtaí suas le 100 °C ar feadh 2 uair an chloig ar a mhéad agus suas le 130 °C ar feadh tréimhsí gearra, cé is moite de bhainne foirmle do naíonáin agus bainne daonna.

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí an tsubstaint *treas*-búitiolfosfónáit chailciam (Uimh. CAS 81607-35-4, Uimh. FCM 1089) a údarú dá réir sin.

(6) An 16 Aibreán 2024 ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch[5] maidir le húsáid na substainte aimíní, dé-C14-C20-ailcil, ocsaídithe, ó ola glasraí hidriginithe. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach ábhar imní sábháilteachta don tomhaltóir í má úsáidtear í mar bhreiseán ag leibhéal 0,1 % w/w i monarú ábhar bia-thadhaill pololaifín a bheartaítear a bheith i dtadhall le bianna, ábhair atá ionsamhlaithe ag ionsamhlaigh bhia A, B, C agus E, cé is moite de bhainne foirmle do naíonáin agus bainne daonna, lena stóráil ar feadh tréimhse níos faide ná 6 mhí ag teocht an tseomra agus faoina bun, lena n-áirítear dálaí líonta the agus téamh suas le 100 °C ar feadh 2 uair an chloig.

(7) Dá bhrí sin, is iomchuí an tsubstaint aimíní, dé-C14-C20-ailcil, ocsaídithe, ó ola glasraí hidriginithe, (Uimh. CAS 1801863-42-2, Uimh. FCM 1092) a údarú dá réir sin.

(8) Sa tuairim ón Údarás maidir leis an tsubstaint aimíní, dé-C14-C20-ailcil, ocsaídithe, ó ola glasraí hidriginithe, mhol sé an tsubstaint a athainmniú mar aimíní, bios(ailcil gheire hidriginithe) ocsaídithe, tríd an mbeachtas 'dé-C14-C20-ailcil' a áireamh inti. Moladh an t-athrú ainm sin toisc go bhfuil slabhraí ailcile C14- agus C20- ann. Thairis sin, mhol an t-údarás an nóta fíoraithe comhlíontachta i gcolún 11 de Thábla 1 d'Iarscríbhinn I a bhaint le haghaidh na substainte sin toisc nach ann d'aon luach sonrach substainte chun a comhlíontacht a fhíorú.

(9) Dá bhrí sin, is iomchuí ainm na substainte aimíní, bios(ailcil gheire hidriginithe) ocsaídithe (Uimh. FCM 768) a athrú agus an tagairt don nóta maidir le fíorú na comhlíontachta a bhaint dá réir sin. Ina theannta sin, ba cheart an srian ar úsáidí na substainte sin a bheith comhsheasmhach leis an sainmhíniú ar 'bhianna neamhshailleacha' i Rialachán (AE) Uimh. 10/2011.

(10) An 3 Iúil 2024, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch[6] maidir le húsáid na substaintí céir, bran ríse, ocsaídithe, agus céir, bran ríse, ocsaídithe, salann cailciam. Tháinig an

---

[4] Painéal EFSA ar ábhair a bhíonn i dtadhall le bia, einsímí, agus áiseanna próiseála (2024). Measúnú sábháilteachta ar an tsubstaint treas-búitiolfosfónáit chailciam lena húsáid in ábhair bia-thadhaill. *EFSA Journal* [Iris EFSA], *22*(4), e8705. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9016.

[5] Painéal EFSA ar ábhair a bhíonn i dtadhall le bia, einsímí, agus áiseanna próiseála (2024). Measúnú sábháilteachta ar an tsubstaint aimíní dé-C14-C20-ailcil, ocsaídithe, ó ola glasraí hidriginithe, lena húsáid in ábhair bhia-thadhaill. *EFSA Journal* [Iris EFSA], *22*(5), e8769. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9016.

[6] Painéal FCM EFSA (Painéal EFSA ar ábhair a bhíonn i dtadhall le bia) (2024). Measúnú sábháilteachta ar na substaintí 'céir, bran ríse, ocsaídithe' agus 'céir, bran ríse, ocsaídithe, salann cailciam' lena n-úsáid in ábhair bia-thadhaill. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2(8), e8960. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9016.

tÚdarás ar an gconclúid nach ábhar imní sábháilteachta don tomhaltóir iad an dá shubstaint sin má úsáidtear iad mar bhreiseáin suas le 0,3 % w/w in ábhair agus earraí teireataláite poileitiléine (TPE), aigéad polalachtach agus pola(clóiríd vinile)(PVC) dhocht a bheartaítear a bheith i dtadhall le gach cineál bia cé i moite de bhianna sailleacha, le haghaidh stóráil fhadtéarmach ag teocht an tseomra agus faoina bun, lena n-áirítear líonadh te agus/nó téamh suas le 100 °C ar feadh tréimhse ama nach sáraíonn 2 uair an chloig.

(11) Dá bhrí sin, is iomchuí na substaintí céir, bran ríse, ocsaídithe (Uimh. CAS 1883583-80-9, Uimh. FCM 1093) agus céir, bran ríse, ocsaídithe, salann cailciam (Uimh. CAS 1850357-57-1, Uimh. FCM 1096) a údarú dá réir sin.

(12) An 6 Samhain 2024, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch[7] maidir le húsáid na substainte 2,2′-ocsaidé-eitiolaimín. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach ábhar imní sábháilteachta don tomhaltóir í an tsubstaint má úsáidtear í mar chómhonaiméir ag leibhéal suas le 14 % w/w le haigéad aidipeach agus capralachtam, nó le homalóga den dá shubstaint sin a bhfuil slabhraí C níos faide acu chun scannáin pholaimíde a bhfuil tiús nach mó ná 25 µm iontu a mhonarú, ar choinníoll nach mbeidh ascnamh na substainte níos mó ná 0,05 mg/kg de bhia, nach mbeidh na scannáin dheiridh i dtadhall le bainne foirmle do naíonáin ná bainne daonna, agus maidir le holagaiméirí ag a bhfuil meáchan móilíneach faoi bhun 1000 Da agus a bhfuil an tsubstaint iontu, nach mbeidh siad níos mó ná 5 mg/kg de bhia, agus, i gcás ina n-úsáidtear homalóga d'aigéad aidipeach agus capralachtam mar shubstaintí tosaithe, nach n-úsáidtear ach homalóga a údaraítear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún.

(13) Dá bhrí sin, is iomchuí an tsubstaint 2,2′-ocsaidé-eitiolaimín (Uimh. CAS 2752-17-2, Uimh. FCM 1094) a údarú dá réir sin.

(14) Sa mheasúnú ón Údarás ar an tsubstaint 2,2′-ocsaidé-eitiolaimín, mheas sé na sonraí ascnaimh a bhí ar fáil agus éagobhsaíocht na substainte in 10 % eatánól (ionsamhlach A) faoi na dálaí tástála ascnaimh a chuirtear i bhfeidhm, agus an úsáid mholta uisce mar ionsamhlach chun comhlíontacht leis an teorainn ascnaimh a thástáil. I bhfianaise ardtuaslagthacht na substainte in uisce agus an fhéidearthacht tástáil a dhéanamh uirthi ag 60 °C seachas ag 40 °C, chinn an tÚdarás gurbh é an cás ba mheasa a d'fhéadfadh a bheith ann d'ascnamh 2,2′-ocsaidé-eitiolaimín go mbeadh tadhall le huisce ann agus mhol sé léiriú i nóta maidir le fíorú na comhlíontachta nach mór uisce a úsáid chun críoch fíoraithe comhlíontachta in ionad ionsamhlaigh bhia.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 a leasú dá réir.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

---

[7] Painéal EFSA ar ábhair a bhíonn i dtadhall le bia (2024). Measúnú sábháilteachta ar an tsubstaint 2,2′-ocsaidé-eitiolaimín lena húsáid in ábhair phlaisteacha bia-thadhaill. *EFSA Journal* [Iris EFSA], *22*(12), e9105. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9016.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*